Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 18 Meitheamh 2024
(OR. en)

10819/24

Comhaid Idirinstitiúideacha:
2022/0424(COD)
2022/0425(COD)
2022/0432(COD)
2023/0049(COD)
2023/0052(COD)
2023/0089(COD)
2023/0090(COD)
2023/0093(COD)
2023/0108(COD)
2023/0109(COD)
2023/0164(COD)
2023/0165(COD)
2023/0171(COD)
2023/0172(COD)
2023/0177(COD)
2023/0206(COD)
2023/0237(COD)
2023/0311(COD)
2023/0355(COD)
2023/0356(COD)
2023/0369(COD)
2023/0370(COD)
2023/0378(COD)
2023/0393(COD)
2023/0418(COD)

CODEC 1456
EF 200
ECOFIN 653
FIN 525
COMPET 624
MI 584
IND 302
CONSOM 214
SOC 437
ANTIDISCRIM 97
FREMP 292
TRANS 287
SPORT 57
CULT 56
DATAPROTECT 238
VISA 95
COWEB 81
COMIX 277
ENV 599
ENT 113
CYBER 188
JAI 969
TELECOM 208
SAN 325
CHIMIE 44
AGRILEG 284
STATIS 75
RECH 271
AGRI 469
FOOD 75
IXIM 157
ENFOPOL 285
FRONT 194
AVIATION 98
COPEN 306
SUSTDEV 70
MAR 93
PECHE 230
OMI 53
ILO 13
DROIPEN 171
CADREFIN 105
BUDGET 40
RELEX 776
EJUSTICE 47
PHYTOSAN 134
BETREG 19
DENLEG 39
UEM 142
GAF 21
PE 175

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Na comhaid faoin ngnáthnós imeachta reachtach a mheastar a rachaidh faoin Nós Imeachta Ceartúcháin i bParlaimint na hEorpa **(cuid II)** |

1. I gcomhréir le forálacha Airteagal 294 CFAE agus leis an Dearbhú Comhpháirteach maidir le socruithe praiticiúla do nós imeachta na comhchinnteoireachta[1], bhí roinnt teagmhálacha neamhfhoirmiúla ann idir an Chomhairle, Parlaimint na hEorpa (PE) agus an Coimisiún d'fhonn teacht ar chomhaontú ar an gcéad léamh maidir le sraith tograí faoin ngnáthnós imeachta reachtach.

2. Tar éis do Coreper anailís agus dearbhú a dhéanamh ar na comhaontuithe sealadacha, ghlac PE, roimh dheireadh an 9ú téarma reachtach, an seasamh uaithi ar an gcéad léamh maidir leis na tograí sin, gan athbhreithniú dlítheangeolaíoch a bheith déanta air.

3. A luaithe a bheidh athbhreithniú déanta ag na saineolaithe dlí agus teanga ar na téacsanna, leis an Nós Imeachta Ceartúcháin[2], beidh Seisiún Iomlánach PE inteachta in ann an téacs, agus athbhreithniú dlíthiúil déanta air, ar na seasaimh uaithi ar an gcéad léamh a fhormheas mar cheartúchán.

4. Má fhormheasann seisiún iomlánach PE na ceartúcháin, ba cheart go mbeadh an Chomhairle in ann an seasamh ó PE a fhormheas ar an mbonn sin, agus ar an gcaoi sin an chéad léamh a thabhairt chun críche don dá institiúid.

5. Dhéanfaí na gníomhartha a ghlacadh ina dhiaidh sin san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ón bParlaimint.

6. Gheobhaidh na toscaireachtaí sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an doiciméad seo agus in 10078/24 liosta na dtograí faoin ngnáthnós imeachta reachtach a mheastar a rachaidh faoin Nós Imeachta Ceartúcháin.

---

1 IO C 145, 30.6.2007, lch. 5.
2 Riail 241, Rialacha Nós Imeachta PE.

**IARSCRÍBHINN**

1. 2022/0424 (COD) - Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le réamhaisnéis faoi phaisinéirí (API) a bhailiú agus a aistriú chun rialuithe ag teorainneacha seachtracha a fheabhsú agus a éascú, lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/817 agus Rialachán (AE) 2018/1726, agus lena n- aisghairtear Treoir 2004/82/CE ón gComhairle

2. 2022/0425 (COD) - Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le réamhfhaisnéis faoi phaisinéirí a bhailiú agus a aistriú chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/818

3. 2022/0432 (COD) - Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán

4. 2023/0049 (COD) - Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1009 a mhéid a bhaineann le lipéadú digiteach táirgí leasacháin AE

5. 2023/0052 (COD) - Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir (AE) 2015/413 lena n-éascaítear malartú trasteorann faisnéise faoi chionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre

6. 2023/0089 (COD) - Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoracha 2009/102/CE agus (AE) 2017/1132 a mhéid a bhaineann le húsáid uirlisí agus próiseas digiteach i ndlí na gcuideachtaí a leathnú agus a uasghrádú a thuilleadh

7. 2023/0090 (COD) - Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceadú innealra soghluaiste nach innealra bóthair é atá i gcúrsaíocht ar bhóithre poiblí agus faireachas margaidh ar an innealra sin agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1020

8. 2023/0093 (COD) - Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le himeachtaí in ábhair choiriúla a aistriú

9. 2023/0108 (COD) - Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/881 a mhéid a bhaineann le seirbhísí slándála bainistithe

10. 2023/0109 (COD) - Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos bearta chun dlúthpháirtíocht agus acmhainneachtaí a neartú san Aontas chun bagairtí cibearshlándála agus teagmhais chibearshlándála a bhrath, agus chun ullmhú agus freagairt dóibh

11. 2023/0164 (COD) - Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2009/18/CE lena mbunaítear na bunphrionsabail lena rialaítear imscrúdú tionóiscí in earnáil an mhuiriompair

12. 2023/0165 (COD) - Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2009/16/CE maidir le rialú Stáit ar chalafoirt

13. 2023/0171 (COD) - Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2005/35/CE maidir le truailliú ó longa agus pionóis, lena n-áirítear pionóis choiriúla, a thabhairt isteach do chionta an truaillithe

14. 2023/0172 (COD) - Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2009/21/CE maidir le ceanglais Stát brataí a chomhlíonadh

15. 2023/0177 (COD) - Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le trédhearcacht agus sláine gníomhaíochtaí rátála Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais (ESG), agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088

16. 2023/0206 (COD) - Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos bearta caomhnaithe, bainistithe agus rialaithe is infheidhme sa limistéar a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún maidir le comhoibriú iltaobhach sa todhchaí in iascaigh an Atlantaigh Thoir Thuaidh, lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1899/85 ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 1236/2010

17. 2023/0237 (COD) - Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 maidir le Staidreamh Eorpach

18. 2023/0311 (COD) - Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Cárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas

19. 2023/0355 (COD) - Togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2014/62/AE a mhéid a bhaineann le ceanglais tuairiscithe áirithe

20. 2023/0356 (COD) - Togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2007/2/CE a mhéid a bhaineann le ceanglais tuairiscithe áirithe le haghaidh bonneagair d'fhaisnéis spásúil

21. 2023/0369 (COD) - Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoracha 1999/2/CE, 2000/14/CE, 2011/24/AE agus 2014/53/AE a mhéid a bhaineann le ceanglais tuairiscithe áirithe i réimsí an bhia agus comhábhar bia, torainn lasmuigh, ceart othar, agus trealaimh raidió

22. 2023/0370 (COD) - Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013, Rialachán (AE) Uimh. 167/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais tuairiscithe áirithe

23. 2023/0378 (COD) - Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cláir shuirbhéireachta ilbhliantúla, fógraí i ndáil le lotnaidí neamhchoraintín rialáilte a bheith ann, maoluithe sealadacha ar thoirmisc allmhairithe agus ceanglais speisialta allmhairiúcháin agus nósanna imeachta a bhunú chun iad a dheonú, ceanglais shealadacha allmhairiúcháin do phlandaí ardriosca, táirgí plandaí agus réada eile, nósanna imeachta a bhunú chun plandaí ardriosca a liostú, inneachar deimhnithe fíteashláintíochta, pasanna plandaí a úsáid agus maidir le ceanglais tuairiscithe áirithe do limistéir chríochaithe agus suirbhéanna lotnaidí

24. 2023/0393 (COD) - Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leathnaítear Treoir [XXXX] chuig náisiúnaigh tríú tír atá ina gcónaí go dleathach i mBallstát

25. 2023/0418 (COD) - Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1806 a mhéid a bhaineann le sealbhóirí pasanna Seirbiacha arna n-eisiúint ag Stiúrthóireacht na Seirbia um Chomhordú